Cén fáth go bhfuil An Lá Dearg á eagrú againn ó thuaidh?

Tá **An Lá Dearg** á eagrú ag pobal na Gaeilge ó thuaidh le tacaíocht ó Ghaeil an oileáin ar fad chun Cearta, Cothromas agus Cóir a bhaint amach don Ghaeilge agus dá lucht labhartha. Cuireadh dlús leis an fheachtas agus tugadh spreagadh dúinn tacaíocht an mhórphobail ar fud an oileáin a lorg dár gcearta teanga sna sála ar na rudaí seo a leanas:

- Tuairisc Chomhairle na hEorpa a foilsíodh ar 14 Eanáir 2014, áit a luaitear go bhfuil ag teip ar an fheidhmeannas comhroinnte cumhachta sna 6 Chontae i leith na Gaeilge agus iad ag cur bac ar fhás agus ar chur chun cinn na teanga ó thuaidh mar thoradh ar dhearcadh naimhdeach i leith na teanga ag cuid de na baill i Stormont, easpa aontaithe thras-pháirtí agus easpa tacaíochta dá húsáid sna cúirteanna, sna meáin, i gcomharthaíocht phoiblí agus i gcúrsaí oideachais
- An fhearg atá ar phobal na Gaeilge agus Gaeltachta thuaidh theas faoin easpa Cheart, Chothromais agus Chóra ar fud an oileáin don teanga agus dá lucht labhartha, mar a léiríodh ag Lá Mór na Gaeilge nuair a thug suas le 10,000 rannpháirteach faoi athshealbhú na cathrach i mBaile Átha Cliath ar 15 Feabhra 2014, agus nuair a d'fhreastail suas le 1,000 duine ar mhórshiúl i gConamara ar 23 Feabhra 2014
- Éirí as Sheáin Uí Chuirreáin, An Coimisinéir Teanga ó dheas, le déanaí mar gheall ar easpa tacaíochta an Rialtais ó dheas do chearta teanga phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Céard atá ag teastáil uainn?

Tá gníomhairí na teanga múscailte ón suan agus ag gníomhú in athuair. Sa dlínse dheisceartach, tá seirbhís stáit as Gaeilge do phobal na Gaeltachta á héileamh againn, gan cheist, gan choinníoll, faoi dheireadh 2016 agus ní mór seirbhísí ar comhchaighdeán leis na seirbhísí as Béarla a sholáthar do phobal na Gaeilge trí chéile. Táimid ag iarraidh ar pholaiteoirí todhchaí a roghnú dár dteanga agus na héilimh seo a leanas a chomhlíonadh láithreach.

Sna sála ar Lá Mór na Gaeilge i mBaile Átha Cliath, chinn gníomhairí teanga ag cruinniú poiblí i mBéal Feirste go raibh géarghá le feachtasaíocht logánta ó thuaidh. Tá acmhainní agus seirbhísí s'againn i mbaol agus tá cearta teanga á séanadh orainn. Éilímid:

- Go n-achtófar Acht Gaeilge cuimsitheach ceartbhunaithe ó thuaidh
- Go gcomhlíonann an Stát ó thuaidh a ndualgas reachtúil le go bhforbrófar Córas Gaeloideachais Cuimsitheach
- Go gcuirfear acmhainní cuí ar fáil d'fhorbairt phobal na Gaeilge

Tá gluaiseacht á tógáil ón bhun aníos ar fud na tíre in athuair agus táimid ag gníomhú chun CEARTA, COTHROMAS & CÓIR a bhaint amach.

BÍ LINN i mBÉAL FEIRSTE DON LÁ DEARG AR 12 AIBREÁN!

Is le gach duine an teanga agus caithfear an deis agus an ceart sin a thabhairt do na daoine a roghnaíonn í a úsáid

Why is An Lá Dearg taking place in the North?

The Irish-language community in the north are organising **An Lá Dearg** with the support of the Irish-language community throughout the country to demand Equality, Rights and Fairness for the language and those who speak it. This inspiring campaign is gathering momentum and we have been motivated to seek the support of the wider community throughout the island for our rights following:

- The report published by the Council of Europe on the 14th January 2014 which states that the growth and promotion of the Irish language in the 6 Counties is being blocked by hostile attitudes of some members in Stormont, the lack of cross-party support, and a lack of support for the use of the language in the courts, the media, public signage and in education
- The anger within the Irish-language and Gaeltacht community north and south, as evidenced by Lá Mór na Gaeilge where up to 10,000 people reclaimed the city of Dublin, and where up to 1,000 people attended a protest march in Conamara on the 23rd of February due to a lack of Equality, Rights and Fairness throughout the island for the Irish language and its speakers
- The recent resignation of Seán Ó Cuirreáin, the Language Commissioner in the south, because of a lack of Government support in the south for the language rights of the Irish language and Gaeltacht community

What do we want?

Irish-language activists have awoken and are taking action. In the southern jurisdiction, we are demanding state services be made available in Irish for Gaeltacht communities, without condition or question, before the end of 2016, and services must be made available in Irish to Irish speakers in general, to the same standard as those in English. We want politicians to choose a future for Irish and to implement the following demands immediately.

On foot of Lá Mór na Gaeilge in Dublin, Irish-language activists at a meeting in Belfast decided that there was a need for localised campaigning. Our resources and services are under threat and our language rights are being denied. We demand:

- That a comprehensive rights-based Irish language Act be enacted in the north
- That the 6 County state fulfils its statutory obligation for the development of a comprehensive Irish Medium education system
- That adequate resources be provided for the development of the Irish-language community

A movement is being rebuilt from the bottom up throughout the country and we are demanding EQUALITY, RIGHTS & FAIRNESS.

JOIN US IN BELFAST ON 12 APRIL FOR AN LÁ DEARG!

The Irish language belongs to all and those that choose to use it must be afforded that opportunity & right

fbl.me/ladearg #LáDearg ladearg@gmail.com

ROGHNAIGH TODHCHAÍ DÁR dTEANGA